# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010**

# STAIDÉAR GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ MÁIRT, 15 MEITHEAMH 2010 – MAIDIN, 9.30-12.00

## ROINN B

**(300 marc)**

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **CÚIG** cheist ar bith a fhreagairt.
- Bronnfar marcanna ar an leagan amach agus ar an gcur i láthair.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh.**
*(Le comhlánú ar leathanach 9 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Seo thíos buiséad do theaghlach na mBreatnach do na ceithre mhí Meán Fómhair go Nollaig 2010:

Is é €325 an tAirgead Tirim Tosaigh ar láimh.

**Ioncam Pleanáilte**

- Tuilleann Jason Breatnach €2,600 glan in aghaidh na míosa agus tá súil aige le bónas Nollag €400 glan i mí na Nollag.
- Tuilleann Máire Bhreatnach €2,150 glan in aghaidh na míosa agus tá súil aici leis go mbeidh **laghdú** de €800 in aghaidh na míosa ann ó 1 Deireadh Fómhair 2010.
- Tá súil le Sochar Leanaí €330 in aghaidh na míosa.

**Caiteachas Pleanáilte**

- Is é an morgáiste tí ná €920 in aghaidh na míosa agus beidh **méadú** €40 ann in aghaidh na míosa ó 1 Samhain 2010.
- Is é préimh an árachais tí ná €720 **in aghaidh na bliana**, **iníoctha gach mí** ó 1 Meán Fómhair 2010.
- Íocann theaghlach na mBreatnach préimh árachas sláinte de €140 in aghaidh na míosa. Beidh **ardú** de €24 in aghaidh na míosa ar an bpréimh seo ó 1 Nollaig 2010.
- Bíonn costais teaghlaigh €1,300 ann in aghaidh na míosa, ach amháin i mí na Nollag, nuair a bheidh €600 **sa bhreis** ann.
- Úsáideann teaghlach na mBreatnach iompar poiblí chun dul ar obair. Cosnaíonn ticéad bus Jason €136 in aghaidh na míosa agus cosnaíonn ticéad DART Mháire €90 in aghaidh na míosa. Ceapann siad go mbainfidh siad úsáid as tacsaithe a chosnóidh €50 chun dul ar cheolchoirm i mí Dheireadh Fómhair.
- Ceaptar gur €155 a bheidh ar bhillí solais agus teasa i mí Mheán Fómhair agus €185 i mí na Samhna. Ceaptar go gcosnóidh ola téite tí €500 i mí na Nollag.
- Ceaptar go mbeidh €100 ar an mbille teileafón tí i mí Dheireadh Fómhair agus €110 i mí na Nollag. Chomh maith leis sin, cosnóidh billí fón póca €70 in aghaidh na míosa ar an teaghlach.
- Cosnóidh bronntanais lá breithe €150 i mí Mheán Fómhair agus €200 i mí Dheireadh Fómhair agus cosnóidh bronntanais Nollag €750 i mí na Nollag.
- Cosnóidh siamsaíocht €450 in aghaidh na míosa, ach amháin i mí Dheireadh Fómhair, nuair a chosnóidh ticéid cheolchoirme €200 **sa bhreis.**
- Tá teaghlach na mBreatnach ag imeacht ar saoire dheireadh seachtaine i mí na Samhna a chosnóidh €865. Caithfidh siad éarlais de 20% den chostas iomlán a íoc i mí Meán Fómhair agus an iarmhéid i mí na Samhna.

**(A)** Comhlánaigh an fhoirm bhán do Bhuiséad Teaghlaigh *(ar leathanach 9 den Leabhrán*) agus tú ag baint úsáide as na figiúirí go léir thuas. (50)

**(B)** Ainmnigh comhlacht **amháin** a sholáthraíonn árachas sláinte don phobal in Éirinn. *(Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar leathanach 9 den Leabhrán.)* (4)

**(C)** Mínigh an téarma 'Caiteachas Roghnach' (*Freagair ar leathanach 9 den Leabhrán.)* (6)

**(60 marc)**

**2.** **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe.**
*(Le comhlánú ar na leathanaigh 10 agus 11 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair Uí Chorra Tta ar an 31 Nollaig 2009, deireadh na bliana airgeadais. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 300,000 gnáthscair ar €1 an ceann.

| **Comhardú Trialach mar a bhí ar 31 Nollaig 2009** | **Dr** | **Sr** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin ar Airgead Tirim | | 195,000 |
| Ceannacháin ar Airgead Tirim | 123,650 | |
| Carraeireacht Isteach | 2,850 | |
| Stoc Tosaigh ar an 1 Eanáir 2009 | 12,650 | |
| Árachas | 7,550 | |
| Pá | 37,100 | |
| Teas agus Solas | 6,800 | |
| Costais Seachadta | 8,950 | |
| Fógraíocht | 7,200 | |
| Díbhinn Íoctha | 1,250 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 16,500 |
| Airgead Tirim ar Láimh | 12,500 | |
| Scairchaipiteal Eisithe i Scaireanna €1 | | 200,000 |
| Áitreabh | 120,000 | |
| Daingneáin agus Fearais | 17,500 | |
| Feithiclí Mótair | 53,500 | |
| | 411,500 | 411,500 |

Ba é an Stoc Deiridh ar an 31 Nollaig 2009 ná €21,500.

**(A)** Ó na figiúirí thuas, ullmhaigh:

(i) **Cuntas Trádála, Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** le haghaidh Uí Chorra Tta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009.
*(Freagair ar leathanach 10 den Leabhrán.)*

(ii) **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar an 31 Nollaig 2009.
(*Freagair ar leathanach 11 den Leabhrán.)* (44)

**(B)** Mínigh an téarma 'Rótharraingt Bhainc' sa Chomhardú Trialach thuas.
*(Freagair ar leathanach 11 den Leabhrán.)* (6)

**(C)** Ríomhtar Brabús Glan mar chéatadán de Dhíolacháin ar Airgead Tirim mar seo a leanas:

$$\frac{\text{Brabús Glan}}{\text{Díolacháin ar Airgead Tirim}} \times \frac{100}{1}$$


Ríomh an céatadán. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre.
*(Freagair ar leathanach 11 den Leabhrán.)* (10)

**(60 marc)**

**3.** **Ceist í seo a bhaineann le hIasacht agus le Litir a Scríobh.**
*(Le comhlánú ar leathanaigh 12 agus 13 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Ar an 20 Eanáir 2010, cheannaigh Sinéad Nic Réamainn, 12 Ascaill Thaobh an Uisce, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge, ríomhaire glúine (Déanamh TS 772) ó Ríomhairí Éireann Tta, Aonad 9, An Pháirc Miondíoltóirí Theas, Eochaill, Co. Chorcaí. Chosain sé €999 agus cheannaigh sí é trí Fhruilcheannach. D’íoc sí éarlais €150 agus thoiligh sí an t-iarmhéid a íoc ina 12 thráthchuid de €86 an ceann, ag tosú ar an 20 Feabhra 2010. Bhí an mí-ádh uirthi agus chaill sí a post ar an 16 Aibreán 2010 agus ní raibh sí ábalta a thuilleadh tráthchodanna a íoc.



Ar an 23 Aibreán 2010, scríobh sí chuig bainisteoir Ríomhairí Éireann Tta. Ina litir thug sí na sonraí a bhain le ceannach a ríomhaire glúine agus mhínigh sí an tslí ina raibh sí ag íoc as. Mhínigh sí ansin gur chaill sí a post de dheasca dhúnadh an chomhlachta ina raibh sí fostaithe ach nach raibh sí i dteideal aon íocaíocht iomarcaíochta toisc nach raibh sí fostaithe ann ach ar feadh bliana. Dá bharr san, scríobh sí nach raibh sí ábalta a thuilleadh tráthchodanna a íoc le Ríomhairí Éireann Tta. Ghabh sí a leithscéal faoi seo agus mar chríoch ar a litir d’iarr sí ar an mbainisteoir cead, lena thoil, an ríomhaire glúine a choimeád go dtí go bhfaigheadh sí post nua. D’íocfadh sí na tráthchodanna a bhí fágtha ansin.

**(A)** (i) Scríobh an litir a sheol Sinéad Nic Réamainn chuig bainisteoir Ríomhairí Éireann Tta ar an 23 Aibreán 2010. (*Freagair ar leathanach 12 den Leabhrán.*)

(ii) Ríomh costas iomlán an ríomhaire glúine ar Shinéad dá leanfadh sí uirthi ag íoc na dtráthchodanna go léir. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. (*Freagair ar leathanach 13 den Leabhrán.)* (45)

**(B)** Dá mbeifeá i do bhainisteoir ar Ríomhairí Éireann Tta, cén freagra a thabharfá ar litir Shinéad? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra. **Nóta**: Ní gá (B) a fhreagairt i bhfoirm litreach. *(Freagair ar leathanach 13 den Leabhrán.)* (10)

**(C)** Is féidir le tomhaltóirí earraí a cheannach ó Ríomhairí Éireann Tta trína láithreán gréasáin, www.riomhairieireann.ie. Luaigh buntáiste **amháin** do thomhaltóir a bhaineann le hearraí a cheannach ar líne tríd an idirlíon. Mínigh do fhreagra. (*Freagair ar leathanach 13 den Leabhrán.)* (5)

**(60 marc)**

**4.** **Ceist í seo a bhaineann le Pá agus le Fostaíocht.**
*(Le comhlánú ar na leathanaigh 14 agus 15 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá Fíona Ní Lorcáin fostaithe mar chúntóir díolacháin ag Stór Faisean Tta. Oibríonn sí 37 uair sa tseachtain de ghnáth. Má oibríonn sí níos mó, faigheann sí pá ragoibre de réir am go leith.

Seo a leanas duillín pá Fhíona i gcomhair 5 Márta 2010:

| Fostaí Uimh. 053 | **Fíona Ní Lorcáin** | | Seachtain 10 | Dáta: 5 Márta 2010 |
|---|---|---|---|---|
| PÁ: | € | ASBHAINTÍ: | € | **Stór Faisean Tta** |
| BUNPHÁ | 592.00 | ÍMAT | 68.95 | |
| RAGOBAIR | 72.00 | ÁSPC | 26.56 | |
| | | COIGILTEAS | 50.00 | GLANPHÁ |
| OLLPHÁ | 664.00 | ASBHAINTÍ IOMLÁNA | 145.51 | €518.49 |

*Freagair na ceisteanna go léir i gCuid (A) sna spásanna atá curtha ar fáil ar leathanach 14 den Leabhrán.*

**(A)** (i) Ríomh bunphá Fhíona Ní Lorcáin in aghaidh na huaire. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre.

(ii) Ríomh an méid a thuilleann sí ar ragobair in uair amháin. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre.

(iii) Ríomh an líon uaireanta de ragobair a rinne sí i Seachtain 10. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre.

(iv) Mínigh, le samplaí, an difríocht idir obair agus fostaíocht.

(v) Ainmnigh **dhá** cheart a bheadh ag Fíona agus **dhá** fhreagracht a bheadh uirthi mar fhostaí i Stór Faisean Tta.

(39)

**(B)** An tseachtain ina dhiaidh sin, d'oibrigh Fíona ar feadh 43 uair an chloig. Asbhaineadh €76.42 le haghaidh ÍMAT agus 4% dá hollphá le haghaidh ÁSPC. Ní raibh aon athrú ar a bunphá ná ar a hasbhaint le haghaidh coigiltis. Bain úsáid as an eolas seo agus comhlánaigh a Duillín Pá le haghaidh Sheachtain11 (*ar leathanach 15 den Leabhrán*).

(21)

**(60 marc)**

**5.** **Ceist í seo a bhaineann le Doiciméid Ghnó.**
*(Le comhlánú ar leathanaigh 16, 17 agus 18 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá Tadhg Ó Fearghail ina bhainisteoir ceannacháin ag Soilse Tí Tta, 14 Siopalann na Darach, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo. Ar an 8 Márta 2010, seolann sé Ordú (Uimh. 2635) le haghaidh na n-earraí seo a leanas chuig An Bainisteoir, Mórdhíoltóirí Uí Bhreacáin Tta, Eastát Tionsclaíochta na Má, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 95 | Lampaí Boird | Códuimhir TL 027 | @ | €12.00 an ceann |
| 60 | Lampaí Urláir | Códuimhir FL 195 | @ | €73.00 an ceann |
| 75 | Lampaí Síleála | Códuimhir CL 722 | @ | €45.00 an ceann |
| 100 | Lampaí Balla | Códuimhir WL 404 | @ | €35.00 an ceann |

**(A)** Ó na sonraí thuas, comhlánaigh an tOrdú bán, Uimh. 2635 (*ar leathanach 16 den Leabhrán.)*
(16)

**(B)** Tá na hearraí go léir a ordaíodh sa stoc ach amháin na Lampaí Síleála. Seachadtar **na Lampaí Boird, na Lampaí Urláir agus na Lampaí Balla** ar thrucail go dtí Soilse Tí Tta ar an 15 Márta 2010. Scrúdaíonn Tadhg na hearraí agus síníonn sé an Duillín Seachadta. Tugann tiománaí na trucaile Sonrasc Uimh. 4128, dar dáta 12 Márta 2010, dó ansin.



(i) Luaigh cúis **amháin** a n-úsáidtear Duillín Seachadta (*ar leathanach 16 den Leabhrán*).

(ii) Ó na sonraí thuas, comhlánaigh an Sonrasc bán Uimh. 4128 (*ar leathanach 17 den Leabhrán).*
Nóta: 25% an **Lascaine Thrádála** agus 20% an **CBL** ar gach earra.
(35)

**(C)** Tar éis an Sonrasc a scrúdú, scríobhann Tadhg seic ar son Shoilse Tí Tta mar íocaíocht iomlán. 15 Márta 2010 an dáta ar an seic. Tugann Tadhg don tiománaí é chun é a thabhairt ar ais go dtí Mórdhíoltóirí Uí Bhreacáin Tta. Ar an lá céanna, iontráiltear an beart seo i gCuntas Bainc Shoilse Tí Tta.

Iontráil an íocaíocht seic i gCuntas Bainc Shoilse Tí Tta. (*Bain úsáid as ceann* ***amháin*** *de na cuntais bhainc ar leathanach 18 den Leabhrán.)*
(9)
**(60 marc)**

**6.** **Ceist í seo a bhaineann le Cuntas Club.**
*(Le comhlánú ar na leathanaigh 18 agus 19 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Baineann Club Ógánach na gCarad úsáid as Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Miondealaithe (Leabhar Airgid Miondealaithe). Eagraíonn an club oícheanta dioscó go rialta agus comórtais dá bhaill. Is é an táille bhliantúil bhallraíochta ná €25. Lóisteáiltear pé airgead a fhaightear i gcuntas reatha agus íoctar gach bille le seic.

Ar an 1 Eanáir 2010, bhí iarmhéid €175 sa bhanc ag an gclub.

Bhí na bearta seo a leanas ag an gclub i mí Eanáir 2010.

| | | |
|---|---|---|
| Eanáir | 4 | D'íoc €25 as póstaeir ag fógairt an dioscó. (Seic Uimh.1531) |
| | 6 | Fuair táille bhliantúil bhallraíochta ó 35 ball. |
| | 7 | Cheannaigh duaiseanna ar €100 le haghaidh comórtas fichille. (Seic Uimh.1532) |
| | 8 | Fuair táille bhliantúil bhallraíochta ó 30 ball eile. |
| | 11 | Fuair €2 an duine ó 48 iontrálaí sa chomórtas fichille. |
| | 15 | D'íoc €150 as fruiliú trealaimh dioscó. (Seic Uimh. 1533) |
| | 16 | Oíche dioscó: fuair €235 ag an doras. |
| | 20 | D'íoc €40 le stáisiún raidió áitiúil chun an chéad dioscó eile a fhógairt. (Seic Uimh.1534) |
| | 21 | D'íoc €325 as deisiú troscáin (Seic Uimh.1535) |
| | 22 | D'íoc €90 as fruiliú cóiste le haghaidh turas lae. (Seic Uimh.1536) |
| | 25 | Fuair táille bhliantúil bhallraíochta ó 20 ball eile. |
| | 26 | D'íoc €250 cíos le haghaidh úsáid an halla. (Seic Uimh.1537) |
| | 30 | Oíche dioscó: bhí 70 ball i láthair agus d'íoc siad €4 an duine. |
| | 30 | D'íoc €60 le marcach dioscó (DJ) chun an dioscó a stiúradh. (Seic Uimh.1538) |

**(A)** Dá mbeifeá i do chisteoir i gClub Ógánach na gCarad, ainmnigh **trí** dhualgas a bheadh ort.
*(Freagair ag bun leathanach 18 den Leabhrán.)* (12)

**(B)** Breac go hiomlán Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Miondealaithe (Leabhar Airgid Miondealaithe) Chlub Ógánach na gCarad le haghaidh mhí Eanáir 2010. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas ar na colúin airgid:

**Taobh an Dochair (Fáltais)**: Banc Táillí Ballraíochta Dioscó Comórtais

**Taobh an tSochair (Íocaíochtaí)**: Banc Dioscó Comórtais Cíos Eile

Suimigh **gach** colún miondealaithe agus comhardaigh na colúin Bhainc ag deireadh Eanáir.
*(Freagair ar leathanach 19 den Leabhrán.)* (38)

**(C)** Ríomh an barrachas nó an t-easnamh a rinne an club ar oícheanta dioscó i rith mhí Eanáir.
Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre (*ar leathanach 19 den Leabhrán).* (10)

**(60 marc)**



THALL ⟶

| 7. | **Ceist í seo a bhaineann le hÁrachas.**<br>*(Le comhlánú ar leathanaigh 20 agus 21 den Leabhrán Scrúdaithe)* |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Is mian le Gearóid Mac an tSaoir, a chónaíonn ina theach féin ag 17 Ascaill Chnoc na Rós, Baile Átha Í, Co. Chill Dara, iarratas a chur isteach ar árachas mótair le hAon Árachas Tta. Is siúinéir é Gearóid agus beidh sé 42 bliana d'aois ar an 17 Meán Fómhair 2010. Cheannaigh sé a chéad ghluaisteán i 1990 agus tá ceadúnas iomlán aige. Tiomáineann sé Ford Focus anois, gur fiú €7,500 é. Is é a chláruimhir ná 06 KE 4245. Is mian le Gearóid árachas cuimsitheach a fháil ag tosú ar an 1 Iúil 2010. Tá árachas aige le comhlacht eile, Árachais Rí Tta, le cúig bliain gan aon éilimh déanta aige. Is é a uimhir theileafóin ná 045 717332. Comhlánaíonn sé foirm thogra ar an 28 Bealtaine 2010.

**(A)** Chomhlánaigh fhoirm thogra Ghearóid le haghaidh árachas mótair (*bain úsáid as an bhfoirm thogra bhán curtha ar fáil ar leathanach 20 den Leabhrán*). (20)

**(B)** Is fiú €190,000 teach Ghearóid, agus an t-inneachar €40,000. Ta aláram buirgléireachta curtha isteach aige. Ar an 1 Meitheamh 2010, fuair sé an luachan árachais seo a leanas:

| **Árachas na Corónach Tta**<br>**Luachan Árachais – 31 Bealtaine 2010** | |
|---|---|
| Foirgnimh | €13.00 an €10,000 |
| Inneachar | €5.75 an €1,000 |
| Aláram Buirgléireachta Suiteáilte | Lascaine 7% |

(i) Bain úsáid as an eolas sa luachan árachais thuas agus ríomh an costas iomlán glan ar árachas a chur ar theach Ghearóid Mhic an tSaoir agus ar an inneachar leis. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. *(Freagair ar leathanach 20 den Leabhrán).*

(ii) Ghlac Gearóid leis an luachan thuas agus d'íoc sé an méid iomlán le seic le hÁrachas na Corónach Tta ar an 2 Meitheamh 2010. Comhlánaigh an seic agus an comhdhuille ag baint úsáide as an doiciméad bán atá curtha ar fáil (*ar leathanach 21 den Leabhrán).*

(24)

**(C)** Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí árachais seo a leanas:

Meon Lánmhaith
Préimh
Bónas Cheal Éilimh
Slánaíocht
Foráil Chaillroinnte

(*Freagair ar leathanach 21 den Leabhrán.*) (16)

**(60 marc)**

**8.** **Ceist í seo a bhaineann le Trádáil Idirnáisiúnta agus Rátaí Malairte.**
*(Le comhlánú ar leathanaigh 22 agus 23 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Onnmhairíonn Seiceoirí Tta bogearraí ríomhaire go dtí tíortha éagsúla. I 2009, bhí na honnmhairithe seo a leanas acu. (Seasann na figiúirí a thaispeántar do mhílte).

| **Onnmhairithe** | **€000's** |
|---|---|
| An Fhrainc | 40 |
| SAM | 60 |
| An Phortaingéil | 50 |
| An Ghearmáin | 40 |
| An Iodáil | 70 |
| An Fhionlainn | 20 |

**(A)** Ag baint úsáide as an eolas thuas

(i) Taispeáin na figiúirí thuas i bhfoirm Barrachairt. (*Freagair ar leathanach 22 den Leabhrán.*)

(ii) Ríomh onnmhairithe iomlána Seiceoirí Tta don bhliain 2009. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. (*Freagair ar leathanach 22 den Leabhrán.)*

(iii) Tá na tíortha thuas go léir, ach amháin SAM, i limistéar an euro, agus ciallaíonn sé sin go bhfuil an euro mar airgeadra acu. Ainmnigh **trí** thír eile atá i limistéar an euro. *(Freagair ar leathanach 22 den Leabhrán.)*

(30)

**(B)** (i) Luaigh **dhá** chúis a n-onnmhairíonn Éire earraí agus seirbhísí go tíortha eile. *(Freagair ar leathanach 23 den Leabhrán*.)

(ii) Ainmnigh **dhá** cheann de na príomhshaghsanna earraí, seachas crua-earraí agus bogearraí ríomhaireachta, a onnmhairítear as Éirinn. (*Freagair ar leathanach 23 den Leabhrán.)*

(iii) Mínigh **dhá** dheacracht a d'fhéadfadh a bheith ag Seiceoirí Tta agus iad ag súil le hearraí a onnmhairiú go dtí an tSín. (*Freagair ar leathanach 23 den Leabhrán.)*

(24)

**(C)** Is é Liam Ó Maoláin an bainisteoir díolacháin ag Seiceoirí Tta. Faigheann sé seic le haghaidh $2,576.00 (dollar) ó chustaiméir Meiriceánach. Más é an Ráta Malairte ná €1 = $1.40, ríomh an méid euro a gheobhaidh sé nuair a shóinseálfaidh sé an seic ina bhanc áitiúil. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre.
(*Freagair ar leathanach 23 den Leabhrán.)*

(6)

**(60 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán